# DÁIL ÉIREANN

*Déardaoin*, 5 *Samhain*, 2009
*Thursday*, 5*th November*, 2009

---

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

*Déardaoin*, 5 *Samhain*, 2009
*Thursday*, 5*th November*, 2009

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**
**ORDER OF BUSINESS**

**11.** Meastacháin Fhorlíontacha i gcomhair Seirbhísí Poiblí [Vótaí 7 agus 12] [*Arna mbreithniú ag an Roghchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí an 4 Samhain, 2009*].

Supplementary Estimates for Public Services [Votes 7 and 12] [*Considered by the Select Committee on Finance and the Public Service on 4th November, 2009*].

**24.** (*l*) An Bille fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 — Tuarascáil (*Leasú* 5, *atógáil*).

(*a*) National Asset Management Agency Bill 2009 — Report (*Amendment* 5, *resumed*).

**FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA**
**NOTICE OF NEW BUSINESS**

**23*a*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Creat-Chinneadh ón gComhairle maidir le soláthróirí seirbhísí dlí-eolaíochta a sheolann gníomhaíochtaí saotharlainne a chreidiúnú.

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Framework Decision on Accreditation of forensic service providers carrying out laboratory activities.

**23*b*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Creat-Chinneadh ón gComhairle maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus maidir le híospar*taigh a chosaint, lena n-aisghairtear Creat-Chinneadh 2002/629/JHA.

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Framework Decision on preventing and combating trafficking in human beings, and protecting victims, repealing Framework Decision 2002/629/JHA.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Billí a thionscnamh : Initiation of Bills*

*Tabhairt Isteach:*
*Introduction:*

***9a.*** An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Eastáit a Ghlacadh faoi Chúram)(Teorainn Ama) 2009 — An Chéad Chéim.
Planning and Development (Taking in Charge of Estates)(Time Limit) Bill 2009 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.

Bill entitled an Act to amend the Planning and Development Acts.

*—Seán Sherlock.*

---

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

**11.** "Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí [2009]:

*Vóta 7 — Aoisliúntas agus Liúntais Scoir (Meastachán Forlíontach).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €65,000,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le haghaidh pinsean, aoisliúntais, díobhálacha ceirde, agus liúntas agus aiscí breise agus eile, faoi na hAchtanna Aoisliúntas 1834 go 2004, agus faoi reachtanna iolartha eile; le haghaidh pinsean, liúntas agus aiscí seach-reachtúla arna ndámhachtain ag an Aire Airgeadais, táillí do lia-réiteoirí agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; cúitimh agus íocaíochtaí eile i leith díobhálacha pearsanta; táillí don Bhord Pinsean; íocaíochtaí i leith an Chórais Sochair Pinsean, íocaíochtaí ilghnéitheacha, etc.

*Vóta 12 — An tSeirbhís Shicréideach (Meastachán Forlíontach).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €200,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le haghaidh na Seirbhíse Sicréidí.

Estimates for Public Services [2009]:

*Vote 7 — Superannuation and Retired Allowances (Supplementary Estimate).*

That a supplementary sum not exceeding €65,000,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2009, for pensions, superannuation, occupational injuries, and additional and other allowances and gratuities under the Superannuation Acts 1834 to 2004 and sundry other statutes; extra-statutory pensions, allowances and gratuities awarded by the Minister for Finance, fees to medical referees and occasional fees to doctors; compensation and other payments in respect of personal injuries; fees to Pensions Board; payments in respect of Pension Benefit System, miscellaneous payments, etc.

*Vote 12 — Secret Service (Supplementary Estimate).*

That a supplementary sum not exceeding €200,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2009, for Secret Service."

*—An tAire Airgeadais.*

**23*a*.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d'fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Creat-Chinnidh ón gComhairle maidir le soláthróirí seirbhísí dlí-eolaíochta a sheolann gníomhaíochtaí saotharlainne a chreidiúnú,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 3 Samhain, 2009.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption of the following proposed measure:

a proposal for a Council Framework Decision on Accreditation of forensic service providers carrying out laboratory activities,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 3rd November, 2009."

*—An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

---

**23*b*.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d'fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Creat-Chinnidh ón gComhairle maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus maidir le híospartaigh a chosaint, lena n-aisghairtear Creat-Chinneadh 2002/629/JHA,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 4 Samhain, 2009.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption of the following proposed measure:

a proposal for a Council Framework Decision on preventing and combating trafficking in human beings, and protecting victims, repealing Framework Decision 2002/629/JHA,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 4th November, 2009."

*—An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**24.** (*l*) An Bille fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 — Tuarascáil (*Leasú* 5, *atógáil*).
(*a*) National Asset Management Agency Bill 2009 — Report (*Amendment* 5, *resumed*).

---

## MEMORANDA

*Déardaoin*, 5 *Samhain*, 2009
*Thursday*, 5*th November*, 2009

Cruinniú den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 10 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Education and Science in Committee Room 2, LH2000, at

10 a.m.

---

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 10 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 11.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on European Affairs in Committee Room 3, LH2000, at 11.30 a.m.

---

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

1) Dréacht-Chreatchinneadh ón gComhairle maidir le soláthróirí seirbhísí dlí-eolaíochta a sheolann gníomhaíochtaí saotharlainne a chreidiúnú.

2) Comhar - An Chomhairle Forbartha Inmharthana. Tuarascáil Bhliantúil, 2008.

3) Scéim Pinsean Múinteoirí Bunscoile 2009 (I.R. Uimh. 434 de 2009).

4) Scéim Pinsean Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoileanna Cuimsitheacha 2009 (I.R. Uimh. 435 de 2009).

5) An Dara Tuarascáil is Fiche ón gCoimisiún Neamhspleách Faireacháin arna tíolacadh do Rialtas na Ríochta Aontaithe agus do Rialtas na hÉireann faoi Airteagail 4 agus 7 den Chomhaontú Idirnáisiúnta lenar bunaíodh an Coimisiún Neamhspleách Faireacháin. Deireadh Fómhair, 2009.

6) An Comhlacht um Chláir Speisialta AE. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais, 2008.

*Neamhreachtúil:*

1) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Ghrinnscrúdú Eorpach. Tuarascáil maidir le Doiciméid a breithníodh ag an Séú Cruinniú is Daichead an 13 Deireadh Fómhair, 2009.

2) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Ghrinnscrúdú Eorpach. Tuarascáil Iniúchta

*Statutory:*

1) Draft Council Framework Decision on Accreditation of forensic service providers carrying out laboratory activities.

2) Comhar - Sustainable Development Council. Annual Report, 2008.

3) Primary School Teachers Pension Scheme 2009 (S.I. No. 434 of 2009).

4) Secondary, Community and Comprehensive School Teachers Pension Scheme 2009 (S.I. No. 435 of 2009).

5) Twenty-Second Report of the Independent Monitoring Commission presented to the Government of the United Kingdom and the Government of Ireland under Articles 4 and 7 of the International Agreement establishing the Independent Monitoring Commission. October, 2009.

6) Special EU Programmes Body. Annual Report and Accounts, 2008.

*Non-Statutory:*

1) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on European Scrutiny. Report on Documents considered at 46th Meeting on 13 October, 2009.

2) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on European Scrutiny. EU

AE Uimh. 28: COM (2009) 338 – Creat-Chinneadh ón gComhairle maidir leis an gceart chun ateangaireacht agus aistriúchán a fháil in imeachtaí coiriúla. 3 Samhain, 2009.

Scrutiny Report No. 28: COM (2009) 338 - Council Framework Decision on the right to interpretation and to translation in criminal proceedings. 3 November, 2009.

3) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Talmhaíocht, Iascach agus Bia) (Comhlíonadh) 2009 (I.R. Uimh. 424 de 2009).

3) European Communities (Agriculture, Fisheries and Food) (Compliance) Regulations 2009 (S.I. No. 424 of 2009).

4) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tarracóirí Talmhaíochta nó Foraoiseachta a Chineál-Cheadú) (Leasú) 2009 (I.R. Uimh. 428 de 2009).

4) European Communities (Agricultural or Forestry Tractors Type Approval) (Amendment) Regulations 2009 (S.I. No. 428 of 2009).

5) An Chomhairle Eorpach, an Bhruiséil, 29/30 Deireadh Fómhair. Tátail na hUachtaránachta.

5) European Council, Brussels, 29/30 October, 2009. Presidency Conclusions.

6) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Biotáillí) 2009 (I.R. Uimh. 429 de 2009).

6) European Communities (Spirits Drinks) Regulations 2009 (S.I. No. 429 of 2009).